

Réamhrá

Is bunscóil í Gaelscoil Inse Chór a thugann deis do pháistí a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. **Is í an Ghaeilge gnáth-theanga na scoile, agus cothaítear i measc na bpáistí í ón gcéad lá. Leanann Gaelscoil Inse Chór Córas Tumoideachas agus ní fhoghlamaítear aon Bhéarla go dtí an dara théarma sna Naíonáin Shinsireacha.** I measc na dtuistí, is iondúil go mbíonn Gaeilge líofa ag cuid áirithe, go mbíonn go leor tuistí eile ar mian leo feabhas a chur ar an méid a d'fhoghlaim siad ar scoil, agus go mbíonn roinnt eile gan Ghaeilge ar bith ag an tús. Dar le Gaelscoil Inse Chór, is é is tábhachtaí ar fad, áfach, ná go dtacaíonn gach tuiste leis an oideachas dhá-theangach, go dteastaíonn uathu go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag a gclann agus go ndéanfaidh siad féin gach iarracht úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa bhaile agus ar scoil araon.

Tá Gaelscoil Inse Chór ag iarraidh go mbeidh saol na scoile taitneamhach, tacúil do gach páiste, agus go nglacfar le gach páiste ar a s/hon féin, lena gcuid buanna is spéiseanna ar leith, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Tá an scoil suite gar d'abhainn na Life, i nDroichead na hInse i mBaile Átha Cliath 8. Grúpa tuistí a bhunaigh an scoil sa bhliain 1977; agus bíonn páirt ghníomhach i gcónaí ag tuistí in imeachtaí uile na scoile.

Mar Eolas Ginearálta

Tá Polasaí Clárúcháin na scoile á leagan amach anseo ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Inse Chór (GSIC), de réir fhorálacha an Achta Oideachais 1998, chun cabhrú le tuistí agus caomhnóirí maidir le ceisteanna clárúcháin nó iontrála. Má tá soiléiriú ag teastáil ar aon chuid den Pholasaí, is féidir scríobh chuig an Príomhoide nó chuig Cathaoirleach an Bhoird, nó cruinniú a shocrú le duine acu.

Ainm na scoile agus eolas teagmhála	Gaelscoil Inse Chór, An Cuarbhóthar Theas, Droichead na hInse, B.Á.C. 8 Fón: 01.679.6748; Ríomhphost: gsinsechor@gmail.com Suíomh Idirlín: www.gaelscoilinsechor.ie
Príomhoide Cathaoirleach	Ciarán Ó Raghallaigh Terry Ó Máirtín
Cineál na scoile	Oideachas trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil ag bunscóil 'aon srutha' a chláraíonn rang amháin sna Naíonáin Shóisir gach bliain. Scoil chomhoideachais í ina bhfuil cailíní agus buachaillí le chéile i ngach rang.
Pátrún Éiteas creidimh	Ardeaspag Caitliceach Rómhánach Bhaile Átha Cliath. Caitliceach Rómhánach, agus teagasc creidimh ar fáil i rith uaireanta scoile. Fáiltíonn GSIC freisin roimh pháistí de chreidimh eile, agus gan chreideamh.
Líon múinteoirí	9 múinteoir gnáthranga 1 Príomhoide riaracháin 2.8 múinteoir oideachais speisialta
An lá scoile Sosanna	Osclaíonn an scoil ag 8.50a.m. 10.30 – 10.40: sos gairid 12.30 – 1.00: am lóin

Naíonáin Shóisir + Shinsir Ranganna 1 - 6	Am scoile thart ag 1.30i.n Am scoile thart ag 2.30i.n
--	--

- Déantar athbheithniú ar an bpolasaí seo go rialta. Is iad tuismitheoirí na n-iarrthóirí atá freagrach as deimhniú a dhéanamh go bhfuil an cóip is suas chun dáta acu. Déan seiceáil le hoifig na scoile nó ar www.gaelscoilinsechor.ie don bhliain iontrála a bhfuil i gceist don pholasaí is déanaí.
- Feidhmíonn GSIC de réir na rialachán a leagtar síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), a thugann na deontais agus na hacmhainní múinteoireachta don scoil.
- Baineann GSIC leas as clár oibre an churaclaim náisiúnta, atá leagtha amach ag an Roinn agus ar féidir athruithe a dhéanamh air ó am go chéile, de réir Rannóg 9 agus 30 den Acht Oideachais 1998.
- Bíonn an Bord airdeallach, chomh maith is atá ar a chumas, ar aon treoirínte ábhartha ón Roinn maidir le méid ranganna, soláthar foirne nó aon riachtanas eile a bhaineann le cóiríocht, mar shampla, spás fisiciúil nó sláinte agus leas na bpáistí.
- Faoi réir ag rialacháin agus cláir na Roinne, ag aidhmeanna na scoile, ag cearta an Phátrúin mar a shonraítear san Acht Oideachais iad, agus ag na hacmhainní is an soláthar airgid atá ar fáil, tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo a leanas:
 - cuimsitheacht, go háirithe maidir le clárú páistí le héagumas nó le riachtanas speisialta oideachais eile;
 - cothromaíocht maidir le rochtain agus páirtíocht sa scoil;
 - cearta tuistí i leith roghnú scoile;
 - meas ar an éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus slíte maireachtála i measc an phobail.

Conas mar a oibríonn an córas clárúcháin?

- Chun clárú i nGSIC, is é polasaí na scoile go bhfuil sé riachtanach go mbeidh 4 bliana d'aois slán ag páistí roimh nó ar 1ú Aibreán den bhliain thosaithe sna Naíonáin Shóisir. De réir dlí, níl iachall ar pháistí freastal ar scoil go dtí go mbeidh 6 bliana d'aois acu. Is cóir cóip den teastas breithe a chur leis an bhfoirm iarratas.
- Tá Córas Pointí ag GSIC chun áiteanna a thabhairt sa scoil. Tugtar líon áirithe pointí do gach páiste, de réir critéir/cinntidil éagsúla, agus suimítear na pointí chun an t-ord ina dtugtar na háiteanna a shocrú. Tá cur síos ar na critéir agus ar na pointí a ghabhann leo le fáil in Aguisín I thíos.
- Ní ghlacfar le hiarratais go dtí mí na Samhna na bliana roimha bhfuil do pháiste le tosú ar scoil. Is gá d'iarratas a thógáil go pearsanta ag tuismitheoir/caomhnóir an iarrthóir chun na scoile aon mhaidin le linn mí na Samhna (laethanta scoile amháin) na bliana roimh dod' pháiste tosú ar scoil. Is féidir an fhoirm iarratas a íoslódáil ón suíomh idirlín agus í a ullmhú roimh teacht chun na scoile. Tabharfar cóip den fhoirm iarratas líonta ar ais duit le choinneál. Ní ghlacfar le aon fhoirm tríd an phost/go leictreonach. Ní ofráil ar áit atá san fhoirm seo.

- De réir córas pointí an polasaí seo, bronnfar pointí ar fhianaise go bhfuil suim tógtha ar oideachas as Gaeilge tríd am caite ag an páiste i naíonra. **Ní chinntíonn seo áit d'iarrthóir ar bith áfach.** ‘Séard atá sna naíonraí ná córas réamhscoile lán Ghaelach agus tá liosta ar fáil ag www.naíonraí.ie.
- **. Bíodh litir agat ó aon naíonra ar a d'fhreastal do pháiste ag soiléiriú an tréimhse –bliain amháin nó dhá bhliain.**
- Tugtar pointí do pháistí a chónaíonn i scoilcheantar atá socraithe ag an mBord Bainistíochta. Tá cur síos ar an scoilcheantar in Aguisín I. Ba chóir do thuiste/í fianaise a thabhairt leo agus iad ag líonadh an fhoirm iarratas – le bille gáis nó leictreachais – go bhfuil cónaí orthu ag an seoladh ar an bhfoirm iarratais.
- Bronnfar áiteanna sa scoil, agus cuirfear scéal go tuistí/caomhnóirí á rá sin, faoi dheireadh mhí na Nollag na bliana a bhfuil do pháiste le tosú ar scoil – sé sin, 30 lá tar éis an dáta deiridh do na hiarratais.
- Le córas pointí i bhfeidhm tá baol ann go mbeidh iarrthóirí ar chomhscór. Sa chás seo bronnfar tús-áite ar an iarrthóir is sine. Sa chás go bhfuil iarrthóirí ar chomh-aois bronnfar áiteanna mar thoradh ar agallamh ar thuismitheoirí/caomhnóir as Gaeilge. Féach ar Aguisín 1.
- Déanann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Inse Chór na cinní ar na hiarratais chlárúcháin de réir pholasaí na scoile agus de réir a bhreithiúnais féin. Agus na hiarratais á meas, ní dhéanfaidh an scoil aon leithcheal ar aon bhonn a shonraítear san Acht um Stádas Comhionann/sa Bhille Comhionannais 2004.
- Foirm iarratais nach bhfuil líonta mar is cóir nó a bhfuil gan na caipéisí luaite, ní féidir próisiséáil ceart a dhéanamh uirthi. **‘Séard atá iontu seo ná cóip den teastas breithe, cóip reatha de bhille teaghlaigh agus litir ó naíonra más cuí.**
- Is gá míniú go lorgáítear síntúis deonach ó gach chlann gach bhliain chun cuidiú linn gnáth-chostais scoile a chlúdach. Socraíodh gur €150 an sui magus tá fáilte roimh íocaíocht ag tús nab liana nó íocaíochtaí ina gcodanna téarmúil-€50.

Clárúchán Páistí le Riachtanais Speisialta

Is féidir go n-iarrfaidh an Bord Bainistíochta cóip de tuairisc leighis agus/nó síceolaíochta an pháiste. Sa gcás nach bhfuil an tuairisc sin ar fáil, is féidir go n-iarrfaidh an Bord go ndéanfar measúnú cuí ar an bpáiste agus go gcuirfear na torthaí in iúl don scoil.

An aidhm leis an tuairisc measúnaithe ná cabhrú leis an scoil a leagan amach cad iad éilimh oideachais is traenála an pháiste, chomh fada is a bhaineann siad lena c/umas agus a riachtanais speisialta; agus chun na seirbhísí tacaíochta is gá a aithint. Nuair a bheidh an tuairisc leighis agus/nó síceolaíochta ar fáil, déanfaidh an Bord measúnú ar conas mar is féidir leis an scoil freastal ar na héilimh a sonraítear sa tuairisc. Sa gcás go mbeartaíonn an Bord go bhfuil gá le hacmhainní breise, déanfaidh sé iarratas ar an Roinn Oideachais is Eolaíochta na hacmhainní sin a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais an pháiste faoi mar atá cur síos orthu sa tuairisc.

I measc na n-acmhainní a bheadh i gceist, bheadh rochtain nó soláthar ar cheann amháin nó breis díobh seo a leanas, mar shampla: seirbhís cuartaíochta múinteora, múinteoir acmhainní do riachtanais speisialta, cúntóir riachtanas speisialta, trealamh nó troscán speisialaithe, cóir iompair nó eile.

Beidh cruinniú ag an bPríomhoide le tuistí/caomhnóirí an pháiste chun plé a dhéanamh ar riachtanais an pháiste agus ar oiriúnacht nó cumas na scoile maidir le freastal ar na riachtanais sin. Más gá, cuirfear cáschruinniú ar siúl a mbeidh gach aon duine atá páirteach sa scéal i láthair aige: ina measc, d'fhéadfadh go mbeadh tuiste/í, Príomhoide, múinteoir gnáthranga, múinteoir riachtanas speisialta, múinteoir ranga speisialta, múinteoir acmhainní agus/nó síceolaí, de réir mar a oireann.

Clárúchán nó Aistriú go GSIC tar éis Naíonán Sóisear

Is féidir iarratas a dhéanamh ag aon am den bhliain maidir le haistriú ó scoil eile go GSIC, nó clárú i rang os cionn Naíonán Sóisear. Breithneoidh an Bord Bainistíochta na hiarratais úd, agus beidh siad faoi réir ag polasaí na scoile, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- Spás a bheith ar fáil sa rang atá i gceist;
- Cónaí ar an bpáiste i scoilcheantar GSIC;
- Pé acu an bhfuil an páiste ag aistriú ó Ghaelscoil eile; agus/nó pé acu an bhfuil caighdeán réasúnta i labhairt na Gaeilge ag an bpáiste. I gcás daltaí atá ag aistriú ag leibhéal Rang a 1 nó níos airde, caithfidh siad dóthain Gaeilge labhartha a bheith acu chun gur féidir leo leas iomlán a bhaint as an oideachas trí mheán na Gaeilge.

I gcásanna áirithe, beidh ceadú na Roinne Oideachais is Eolaíochta ag teastáil don aistriú.

Tá forálacha sonracha mar chuid den Acht Oideachais (Leas), 2000, maidir le haistriú daltaí; agus ina measc sin, tá sé riachtanach go roinneadh na scoileanna atá i gceist eolas faoi thinreamh agus faoi dhul chun cinn oideachais an pháiste. Cloífidh GSIC leis na critéir úd i gcás daltaí a bheadh ag aistriú go dtí an scoil.

Polasaithe Eile

Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí na polasaithe a leanas a léamh, a thuiscint agus a shíniú roimh don pháiste tosú ar scoil :-

- Cód Iompar
- Polasaí Frith-Bhulaíocht
- Polasaí Cosaint Leanáí
- Polasaí Cumarsáide
- Polasaí um Chosaint Shonraí

AGUISÍN I

	An Córas Pointí chun Clárú i nGSIC	Líon na bPointí
1	Páistí le deirfiúracha/deartháireacha i nGSIC.	40
2	Páistí a chónaíonn i scoilcheantar GSIC, le deirfiúracha/deartháireacha ar iardhaltaí iad ag GSIC.	40
3	Páistí a bhfuil a dtuismitheoir/í ar fhoireann GSIC.	40
4	Páistí a bhfuil a dtuiste/í nó caomhnóir/í ina gcónaí sa scoilcheantar (féach thíos)	15
	Tiomantas tuistí don oideachas trí Ghaeilge, á léiriú acu siúd a bhfuil a bpáiste ag freastal go rialta, ar feadh aon bhliana ar a laghad, ar Naíonra (réamhscoil trí Ghaeilge). Féach ar www.naonrai.ie do liosta naonrai. - Freastal ar feadh bliana Freastal ar feadh dhá bhliana	5 10
*	Sa chás go bhfuil brú uimhreacha agus iarrthóirí ar chomh-poinntí, agus ar chomh-aois-déanfar agallaimh ar thuismitheoirí/caomhnóirí ag tomhais suim/cumas sa Ghaeilge. Bronnfar tús-áite bunaithe ar na torthaí orthu seo.	

SCOILCHEANTAR GHAELSCOIL INSE CHÓR

Is iad seo a leanas na ceantair a bheidh sa scoilcheantar: Droichead na hInse, Cill Mhaighneann, Inse Chór, Séipéal Iosóid agus Baile Formaid Íochtarach. Beidh pointí fós ar fáil faoi 1) thuas do dheirfiúracha is deartháireacha le daltaí i nGaelscoil Inse Chór a bhfuil cónaí orthu i gceantair eile; agus is féidir le páistí ó cheantair eile iarratas ar áit sa scoil a dhéanamh i gcónaí.

(An Bord Bainistíochta, Gaelscoil Inse Chór Meán Fómhair 2014)